Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Márta 2018
(OR. en)

7300/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0329 (COD)**

**CODEC 417**
**AGRI 141**
**AGRILEG 45**
**VETER 27**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 92/66/CEE ón gComhairle lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle **(an chéad léamh)** -<br>- Glacadh an gnímh reachtaigh |

1. An 6 Nollaig 2017, chuir an Coimisiún an togra thuas[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 14 Feabhra 2018[2].

---

[1] 15540/17.
[2] Gan foilsiú fós.

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 14 Márta 2018[3].

4. Tar éis comhairliúchán tosta sa Ghrúpa Oibre a cuireadh i gcrích ar an 16 Márta 2018, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle le toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 6/18 é, a fhormheas mar ítim 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[3] 7089/18.